

## Ieremias ag Caoineadh

*Cruatain a dhaoine ag Ieremias á chaoineadh go dúbhach dobrónach, agus íde an teampall agus cathrach Iérúsalem. An caoineadh aige á dhéanamh i ndántaibh agus na dánta ag tosnú, gach dán le leitir fé leith den aibítir Éabhrais’.*

### Caib. a hAon

*Agus do thit amach<sup>1</sup>, tar éis Israél a bheith bertha chun siúil i mbraighdineas agus cathair Iérúsalem a bheith folamh, go raibh Ieremias fáidh ’na shuí, agus é ag gol agus é ag caoineadh Iérúsalem, leis an gcaoineadh seo, agus a chroí go doiligh, ag éamh ’s ag osnaíol; agus duairt sé:*

1 **Aleph.** Cad é mar atá ’na suí ’na haonar  
an chathair a bhíodh lán de dhaoine!

Tá sí ’na bainntrigh,  
agus bhíodh sí ’na bannrín ar na geintibh.  
Tá ríogan\* na gcúigí,  
smachtaithe fé cháin.

2 **Bet.** Í ag gol go dúbhach san oíche  
agus a deóra ar a gruannaibh.

Gan éinne chun sólais a chur uirthi  
as a cáirdibh go léir.

Gach arbh ionúin léi dhá maslú,  
agus iad ’na namhaid aici.

3 **Gimel.** Tá aistrithe ag Iúda, trí chruatan,  
agus trí iomad a braighdinis.

Tá cónaithe aici i measc na ngeinte.  
Agus níl suaimhneas fálda aici.

Tá bertha uirthi ag lucht a cráite uile,  
i lár cruatan.

4 **Dalet.** Táid slite Shíoin go dobrónach toisc gan éinne ’ bheith ann ag teacht chun na solamnachta.

A geataí go léir briste ar lár,  
a sagairt ag éamh,  
a maighdeana go ceasnaitheach,  
agus í féin fé ualach doghrainne.

5 **He.** Táid a namhaid curtha os a cionn,  
táid a heascáirde tar éis saibhriú,

óir tá labhartha ag an dTiarna ’na coinnibh,  
mar gheall ar líonmhaireacht a cortha.

A miondaoine seólta i mbraighdineas:  
roimis an gcéastóir amach.

6 **Vau.** Agus d’imigh amach ó iníon Síon,  
a háilleacht uile go léir;

A priúnsaí mar ’ bheadh reithí  
gan fáil acu ar fhosaíocht,

ach iad imithe go lagbhríoch  
roimis an té atá ag tóiríocht.

7 **Zain.** Is cuimhin le Iérúsalem laethe a doghrainne,

1 “Agus do thit amach”. Ní hé Ieremias do scríbh an ceannphort san. Na seacht ndeachníúir eidirmhínteóirí is iad a chuir ansan é chun a thabhairt le tuiscint don léitheóir cad fé ndéar an caoineadh.

agus laethe a hiomarbhais féin,  
agus a nithe luachmhara go léir,  
a bhí aici in sna laeithibh fadó,  
nuair a thit a pobal i láimh namhad,  
agus gan duine ann a thioctadh le cabhair.

Óir bhí an eascara ag féachaint uirthi,  
agus ag tabhairt masla dá sabóidibh.

8 **Het.** Dhein Iérúsalem an peaca go léanmhar.

D'fhág san í gan seasmhacht bhuan.

Gach a mbíodh dhá moladh do tharcaisníodar í,  
óir do chonacadar a náire.

Ach bhí sí féin ag éamh  
agus d'iompaigh sí ar gcúl.

9 **Tet.** Tá a salachar ar a cosaibh.

Níor chuímigh sí ar a crích.

Tá sí tabhartha anuas go hiúntach,  
agus gan éinne chun sólais a chur uirthi:

Féach ar mo chruatan, a Thiarna.

Óir tá an namhaid éirithe go hárd.

10 **Iod.** Do shín an namhaid a lámh  
chun a nithe luachmhara go léir,

óir chonaic sí na Geinte

ag dul isteach 'na *shanctuárium*:  
an dream gur órdaís-se 'na dtaobh,  
gan iad a dhul isteach i t'eaglais.

11 **Caph.** A pobal go léir ag éamh,  
agus ag lorg bídh.

Gach ní luachmhar acu á thabhairt ar bhia  
chun faeisimh a n-anama.

Féach, a Thiarna, agus breithnigh.

Óir táim titithe fé dhrochmheas.

12 **Lamed.** Ó sibhse go léir atá ag gabháil an tslí,  
tugaidh fé ndeara, agus féachaidh  
an bhfuil dólás ar bith mar mo dhólás-sa!

Óir tá fómhar fíona déanta aige dhíóm

mar a labhair an Tiarna

i ló a dhíbheirge.

13 **Mem.** Chuir sé tine ón áit thuas im chnámhaibh,  
agus do smachtaigh sé me.

Do leath sé líon dom chosaibh.

D'iompaigh sé siar me.

Do dhein sé uaigneach me,

'om chloí le dólás an lá go léir.

14 **Nun.** Tá cuíng mo dhrochbheart tar éis faire.

Táid siad fillte ar a chéile 'na láimh aige,  
agus curtha ar mo mhuineál:

do chuir an Tiarna me i láimh

nách féidir liom éirí aisti.

15 **Samech.** Do thóg an Tiarna mo mhaithe móra go léir  
chun siúil as mo lár.

Tá an t-am glaeite aige im choinnibh,  
chun mo dhaoine tofa d'ídiú.

Do shatail an Tiarna an fáscadóir fíona

## Jeremias ag Caoineadh

don mhaighdin, d'inín Iúda.

16 **Ain.** Sin mise ag cáí dá dheascaibh,  
agus uisce óm shúil 'na chaise,  
agus sólásaí an anama i bhfad uaim,  
an té ' thabharfadh dom faeiseamh ó ghruaim.

Mo chlann i ndaoirse chruaidh,  
toisc gur ag an namhaid atá bua.

17 **Phe.** A dhá láimh ar leathadh ag Síon,  
gan éinne chun sóláis a chur uirthi.  
Órdú tabhartha ag an dTiarna in aghaidh Iácóib.  
Agus namaid Iácóib 'na mhóorthímpall.

Agus Iérúsalem ar a measc,  
'na mhnaoi lamhánta.

18 **Sade.** Tá an Tiarna ceart.  
Óir do ghríosas a bhéal chun feirge.  
Éistidh liom, aicim oraibh, a phobail uile,  
agus féachaidh ar mo dhólás.

Mo mhaighdeana agus m'fhir óga,  
imithe uaim i mbraighdhineas!

19 **Coph.** Do ghlaos chúm mo cháirde,  
agus do chailleadar orm;  
mo shagairt agus mo sheanóirí,  
dá gcloí istigh sa chathair,  
agus iad ag lorg bídh dóibh féin,  
chun faeisimh dá n-anam.

20 **Res.** Féach orm, a Thiarna, im chruatan;  
óir táid m'inní go buartha,  
mo chroí taobh síos suas ionam,  
mar táim líonta de ghuaisibh.  
An claíomh ag marú lasmu',  
agus an bás sa bhaile chómh maith.

21 **Sin.** D'airíodar mise ' bheith ag éamh.  
Agus gan éinne ' bheith ann chun sóláis a chur orm.  
D'airigh mo namhaid go léir an droch-chor atá orm.  
Tá áthas orthu toisc gur dheinis é.  
Tá lá sóláis tabhartha agat,  
agus beid siad san mar atáimse.

22 **Tau.** Téadh iomláine a n-uilc isteach os do chómhair,  
agus dein fómhar fiona dhíobh san  
mar atá déanta agat díomhsa  
mar gheall ar mo pheacaibh go léir.

Óir is mór iad m'osnaíocha,  
agus is dúbhach atá mo chroíse.

### Caib. a Dó

1 **Aleph.** Cad é mar atá iníon Shíoin clúdaithe le doircheacht ag an dTiarna!  
Mar atá caite anuas aige ó neamh go talamh,  
ríogan uasal Israél!

Agus nár mhachnaimh sé ar stól a cos i ló a dhíbheirge!

2 **Bet.** Do chaith an Tiarna le fánaidh, gan taise,

## Jeremias ag Caoineadh

gach a raibh d'álainn i Iácób.  
Do dhíscigh sé, 'na dhíbheirg,  
daingeana maighdine Iúda.  
Do leag sé go talamh iad.  
Dhein sé an ríocht agus na príúnsaí<sup>1</sup> neamhghlan.  
3 **Gimel.** Do bhris sé, in oirbhíre a fheirge,  
adharc uile Israél;  
do tharraig sé siar a lámh dheas  
ó aghaidh an namhad;  
agus do las sé i Iácób mar ' bheadh tine lasrach ag slogadh mórthímpall.  
4 **Dalet.** Do lúb sé a bhogha mar ' dhéanfadh namhaid;  
do chruaigh se a lámh dheas ar nós eascarad,  
agus do mhairbh sé gach a raibh álainn le feiscint,  
i dtuibearnacal iníne Shíoin;  
do scaoil sé amach ar nós tine  
a dhíbheirg féin.  
5 **He.** Tá mar ' bheadh namhaid déanta den Tiarna.  
Tá Israél caite le fánaidh aige, ar mhullach cinn;  
do leag sé ar lár a fhallaí go léir.  
Do bhris sé a dhaingeana,  
agus d'iomadaigh sé in iníon Iúda  
fir agus mná i gcruatan.  
6 **Vau.** Do réab sé a chábán ar nós garraí.  
D'ídigh sé a thaibearnacal féin.  
Tá curtha ar ceal ag an dTiarna, i Síon,  
idir fhéile agus sabóid;  
agus tá tabhartha aige, do mhasla agus d'fhíoch a dhíbheirge,  
idir rí agus sagart.  
7 **Zain.** Do shéan an Tiarna a altóir féinig.  
Tá eascaine curtha aige ar a *shanctuárium*.<sup>1</sup>  
Thug sé isteach i láimh a namhad,  
fallaí a thúr.  
Chuireadar guth amach i dtigh an Tiarna,  
mar a déanfi lá solmanta.  
8 **Het.** Bheartaigh an Tiarna,  
falla iníne Shíoin do réabadh.  
Do shín sé amach a théad,  
agus níor tharraig sé siar a lámh ón réabadh.  
Do ghoil an daingean,  
agus do réabadh an falla in éineacht.  
9 **Tet.** Táid a geataí curtha síos sa talamh.  
Do bhris sé agus do bhrúigh sé a sabhanna.  
Sin a rí agus a príúnsaí in sna Geintibh,  
an dlí imíthe,  
agus níl fáлта ag á fáidhíbh  
aon aisling ón dTiarna.  
10 **Iod.** Sin iad 'na suí ar an dtalamh, go ciúin,  
seanóirí iníne Shíoin;

1 Caib. 2. véar. 7. "Tá eascaine curtha aige ar a shanctuárium". 'Sé sin, do leog sé a *shanctuárium* do réabadh fé mar a bheadh eascaine air in inead é ' bheith coisricthe.

## Jeremias ag Caoineadh

luaithreach ar a gceannaibh acu;  
iad criosaithe le héadach ruannigh;  
sin iad a gcínn anuas ar a dtalamh  
ag maighdeanaibh Iérúsalem.

11 **Caph.** Do chuaigh dem radharc le neart deór.

Táid m'inní ar buaireamh.

Tá m'ae scaoilte amach ar an dtalamh  
mar gheall ar chruatan iníne mo phobail,  
agus an leanbh agus an naíon ag deól  
ag dul i laige ar shráidibh na cathrach.

12 **Lamed.** Iad dhá rá lena máithribh:

Ca bhfuil an t-ARBHAR agus an FÍON?

Agus iad ag lagú, mar ' bheadh daoine gunta,  
ar shráidibh na cathrach.

Agus iad ag cur a n-anam amach  
in uchtaibh a máithreacha.

13 **Mem.** Cad leis go gcuirfead i gcúmparáid thu,

nú cad leis go samhlód thu,

a iníon Iérúsalem?

Cad leis go gcómhionannfad thu, ionas go gcuirfead sólas ort,  
a mhaidhean, a iníon Shíoin.

Óir is mór é ar nós na farrraige, do léirscrios.

Cé hé do leighisfidh thu?

14 **Nun.** Nithe bréagacha amadánta

is ea do chíodh t'fháidhí dhuit.

Ní nochtaidís do chortha dhuit

chun tu ' ghríosadh chun na haithrí.

Ach do chonacadar duit radharca bréagacha  
agus díbirtí chun siúil.

15 **Samech.** Ag bualadh bas fút,

a bhíodh gach a ngabhadh an tslí.

Agus iad ag siosarnaigh agus ag crothadh a gcínn  
fé inín Iérúsalem, dhá rá:

An í sin an chathair álainn gan locht,

dob áthas leis an ndomhan go léir?

16 **Phe.** A mbéal ar leathadh id choinnibh

ageat namhaid go léir,

iad ag siosarnaigh agus ag meilt a bhfiacal,

dhá rá: Sloigfimid í.

Sid é an lá lena raibh súil againn.

Do fuaramair é, do chonacamair é.

17 **Ain.** Do dhein an Tiarna an ní a bhí beartaithe aige.

Do chómhlión sé a bhriathar,

an briathar a bhí ordaithe aige ó chian.

Do scrios sé, agus níor spáráil sé.

Chuir sé áthas ar do namhaid os do chionn,

chuir sé adharc t'eascarad suas.

18 **Sade.** A gcroí ag éamh chun an Tiarna

ar fhallaibh iníne Shíoin.

Bíodh caise deór leat

de ló agus d'óiche.

## Jeremias ag Caoineadh

Ná glac suaimhneas.

Ná stadadh meall do shúl.

19 **Coph.** Éirigh. Bí ag moladh san oíche,  
i dtosach gach faire;

scaoil do chroí amach ar nós uisce,

i láthair an Tiarna.

Árdaigh do lámha chuige,

ar son anam do chlainne atá óg,

atá dá gcloí leis an ngorta

i mbarra gach sráide.

20 **Res.** Féach, a Thiarna, agus breithnigh,

cé air go bhfuil an cor so tabhartha agat?

An amhlaidh a bheid mná ag ithe a dtoircheas féinig,

a linbh naoi n-órlach ar faid?

An marófar an sagart agus an fáidh

istigh i *sanctúarium* an Tiarna?

21 **Sin.** Tá an leanbh agus an seanóir

sínte amu' ar an dtalamh.

Táid mo mhaighdeanacha agus m'fhair óga,

ar lár leis an gclaíomh.

Do mharais iad i ló do dhíbheirge;

mharais iad gan trua ' thaispeáint dóibh.

22 **Tau.** Do ghlaeis, mar ' ghlaofa chun féile,

lucht mo scannraithe mórhímpall.

Agus ní raibh éinne, i ló feirge an Tiarna,

do chuaigh as agus do fágadh.

Na daoine do thógas agus chothaíos,

d'ídigh an namhaid iad.

### Caib. a Trí

1 **Aleph.** Duine mise a chíonn a dhealús féin

trí shlat a dhíbheirge sin.

2 **Aleph.** Do sheól sé me, agus is isteach sa doircheacht a thug sé me, agus ní histeach sa tsolas.

3 **Aleph.** I m'aghaidhse amháin a dh'iompaigh sé agus d'athiompaigh sé a lámh an lá go léir.

4 **Bet.** Tá mo chroiceann agus mo chuid feóla críonaithe aige. Táid mo chnámha go léir briste aige.

5 **Bet.** Tá foirineamh déanta aige im thímpall, agus do thímpall sé me le domlas agus le dua.

6 **Bet.** Do chuir sé in áiteannaibh dorcha me,

ar a nós san atá marbh de shíor.

7 **Gimel.** D'fhoirinimh sé 'na<sup>1</sup> tímpall im choinnibh,

i dtreó ná raghainn amach.

Do dhein sé mo laincisí tróm.

8 **Gimel.** 'Sea agus nuair a ghlaofad agus d'iarrfad

tá mo ghuí dúnta amach aige.

9 **Gimel.** Táid mo shlite dúnta suas aige le clochaibh ceárnacha.

1 Check this word. p3669 of the manuscript.

## Jeremias ag Caoineadh

- Táid mo chosáin iompaithe taobh síos suas aige.  
10 **Dalet.** Tá sé mar ' bheadh beithir dhom, 'na luí ag faire;  
mar ' bheadh león in áiteannaibh diamhra.  
11 **Dalet.** Táid mo chosáin iompaithe i leataoibh aige.  
Táim briste brúite aige.  
D'fhúig sé go huaigneach me.  
12 **Dalet.** Do lúb sé a bhogha agus chuir sé mise  
im mharc dá shaíghid.  
13 **He.** Do lámhaigh sé isteach im luanaibh,  
iníonacha a thaisce.  
14 **He.** Táim im fhonóid dom dhaoinibh go léir,  
im chantainn acu an lá go léir.  
15 **He.** Táim líonta do shearús aige.  
Táim curtha ar meisce aige le borramótar.  
16 **Vau.** Agus bhreis sé m'fhiacra, 'na n-aon is 'na n-aon,  
thug sé luaithreach le n-ithe dhom.  
17 **Vau.** Agus tá m'anam curtha i bhfad ó shíocháin.  
Tá nithe fóna dearúda agam.  
18 **Vau.** Agus duart: Tá m'anam agus mo dhóchas  
ar ceal ón dTiarna.  
19 **Zain.** Cuímh'nigh ar mo dhealús agus ar m'iomarbhas,  
ar an mborramótar agus ar an ndomlas.  
20 **Zain.** Bead ag cuímhneamh go daingean,  
agus beidh m'anam dá chloí istigh ionam.  
21 **Zain.** Bead ag cuímhneamh ar na nithibh sin im chroí,  
dá dheascaibh sin beidh muinín agam.  
22 **Het.** 'Sé trócaire an Tiarna gan sinn a bheith ídithe,  
óir níor chuaigh dá atrua.  
23 **Het.** Nua gach maidean,  
is mór é do dhílse.  
24 **Het.** Is é an Tiarna mo chuid, aduairt m'anam:  
dá bhrí sin bead ag fanúint leis.  
25 **Tet.** Tá an Tiarna go maith do lucht mainíne do chur as;  
don anam a bhíonn dhá lorg.  
26 **Tet.** Is maith an rud feitheamh go ciúin,  
le slánú Dé.  
27 **Tet.** Is maith an ní do dhuine nuair ' iomprann sé  
an chúing ón' óige.  
28 **Iod.** Suífidh sé in' aonar agus beidh sé ciúin,  
mar tá sí tógtha suas aige air féin.  
29 **Iod.** Cuirfidh sé a bhéal sa luaithrigh  
féachaint an mbeadh dóchas.  
30 **Iod.** Tabharfaidh sé a leaca don té a bhuaileann é.  
Beidh sé líonta de mhaslaibh.  
31 **Caph.** Óir ní bheidh an Tiarna  
ag diúltú i gcónaí.  
32 **Caph.** Óir má chaith sé uaidh, déanfaidh sé trócaire leis,  
de réir iomadúlachta a thrócairí.  
33 **Caph.** Óir ní dá dheóin féin a chráigh sé,  
ná chaith sé uaidh, clann na ndaoine.  
34 **Lamed.** Chun braighdeanach uile na tíre

## Jeremias ag Caoineadh

do bhrú féna chosaibh;

35 **Lamed.** Chun breithe duine d'iompáil i leataoibh os cómhair aghaidh an tÉ is Aoirde.

36 **Lamed.** Íde éagórtha ' dhéanamh lena bhreith ar dhuine, níor cheadaigh an Tiarna.

37 **Mem.** Cé hé sin aduairt rud do dhéanamh nuair adeir an Tiarna gan é ' dhéanamh?

38 **Mem.** Nách amach a béal an té is Aoirde a chaithfidh idir olc agus maith teacht?

39 **Mem.** Cad chuige éinne beó ' bheith ag ceisneamh agus duine ag fulag trína pheacaibh?

40 **Nun.** Scrúdaímís ár slite, agus cuardaímís, agus casaimís ar an dTiarna.

41 **Nun.** Árdaimís ár gcroithe agus ár lámha chun an Tiarna in sna flaithis.

42 **Nun.** Dheineadar an t-olc, 'ot ghriosadh chun feirge. Uime sin ataoi doghuíte.

43 **Samech.** Do chlúdaís it dhíbheirg agus do bhuailis sinn: Do mharáís agus níor spárálais.

44 **Samech.** Tá scamall curtha rómhat agat nách féidir dár nguí gabháil tríd.

45 **Samech.** Táim im dhíbearthach agat im iarmharán i measc na ndaoine.

46 **Phe.** Tá a mbéal ar leathadh 'nár gcoinnibh ag ár namhaid go léir.

47 **Phe.** Tá fáidheadóireacht iompaithe dhúinn 'na heagla agus 'na gaiste, agus 'na híde.

48 **Phe.** Tá sruthanna uisce tagaithe anuas óm shúil, trí íde iníne mo phobail.

49 **Ain.** Tá mo shúil go buartha, gan fanúint socair, mar ní raibh suaimhneas le fáil.

50 **Ain.** Chun gur fhéach, agus chun go bhfeacaigh, an Tiarna, anuas ó sna flaithis.

51 **Ain.** Tá foghail déanta ar m'anam ageam shúil mar gheall ar iníonachaibh uile mo chathrach.

52 **Sade.** Táid mo namhaid tar éis me ' chluicheadh agus tar éis bertha orm ar nós éin, gan chúis.

53 **Sade.** Tá m'anam titithe sa pholl, agus tá cloch curtha acu os mo chionn.

54 **Sade.** Táid uisceacha tar éis rith os cionn mo chinn, agus duart: Táim réidh!

55 **Coph.** Tá glaeite agam ar t'ainm, a Thiarna, ó íochtar an phoill.

56 **Coph.** Do chloisis mo ghlór, ná hiompaigh do chluas ó m'osnaíocha agus ó m'éamh.

57 **Coph.** Tháinís i ngar nuair a ghlaos ort agus dúraís: Ná glac eagla.

58 **Res.** Do bhreithnís, a Thiarna, cúis mh'anama, a Fhuasclóir mh'anama.

59 **Res.** Do chonaicís, a Thiarna, a mallaitheacht im choinnibh. Breithnighse mo bhreithiúntas.



## Jeremias ag Caoineadh

- 60 **Res.** Do chonaicís a bhfíoch go léir,  
a smaointe go léir im choinnibh.  
61 **Sin.** Chonaicís a masla, a Thiarna,  
a samhlúcháin go léir im choinnibh.  
62 **Sin.** Beóil na ndaoine a bhíonn ag éirí im choinnibh,  
agus ag beartúchán im choinnibh an lá go léir.  
63 **Sin.** Féach iad 'na suí, agus ag éirí.  
Is me an port a bhíonn acu.  
64 **Tau.** Cúiteóirse leó, a Thiarna,  
oibreacha a lámh.  
65 **Tau.** Tabharfair dóibh sciath croí,  
do shaothar féinig.  
66 **Tau.** Géarleanfair iad i bhfeirg,  
agus déanfair íde orthnu  
fé bhun na spéire.

## Caib. a Ceathair

- 1 **Aleph.** Cad é mar a dhoirchigh an t-ór!  
Mar a chlaochlaigh an dath dob áille!  
Clocha an *tsanctuáriuim* scaipithe  
i mbarra gach sráide!  
2 **Bet.** Maca uaisle Shíoin  
agus lucht na n-éidí óir ba mhíne,  
cad é mar a samhaltar le hárthaibh cré iad,  
le hobair lámha an photadóira!  
3 **Gimel.** Na *lamiae* féin, do nochtadar an chíoch,  
agus do dheóladar a gcoileáin.  
Tá iníon mo phobail gan taise,  
mar an struth san uaigneas.  
4 **Dalet.** Teanga an linbh ar chíochaibh  
ag ceangal dá charball le tart.  
An chlann a d'iarraidh aráin,  
agus gan éinne dhá bhriseadh chúthu.  
5 **He.** Daoine a cothaíodh go bog,  
táid siad tar éis bháis sa tsráid.  
Daoine do tógadh i scárlóid,  
tá an t-aoileach 'na n-ucht acu.  
6 **Vau.** Agus mallaitheacht iníne mo phobail  
níosa mhó ná peaca Sodoim,  
an chathair a treascradh in aon neómat amháin,  
agus nár ghlac lámha aon ní inti.  
7 **Zain.** Ba ghile a Nasarítigh ná an sneachta;  
ba ghlaine iad ná bainne;  
ba dheirge iad ná sean-*éabar*;  
dob fhinne iad ná saifir.  
8 **Het.** Tá a n-aghaidh níos duibhe anois ná an gual,  
agus sa tsráid ní aithnítear\* iad.  
Tá a gcoiceann ceangailte dá gcnámhaibh,  
agus é feóchta, agus é mar ' bheadh adhmaid.  
9 **Tet.** Na daoine do thit le claíomh chuadar as

## Jeremias ag Caoineadh

níb' fheárr ná iad san a fuair bás den ghorta.

Mar do sladadh an t-anam astu san

trí easpa torthaí na talún.

10 **Iod.** Lámha na mban dob atruach

ag beiriú a gclainne féin.

B'iad a mbia iad

in íde iníne mo phobail.

11 **Caph.** Do chríochnaigh an Tiarna a dhíbheirg.

Do scaoil sé amach a oirbhíre.

Tá tine curtha ar lasadh aige i Síon,

tine atá tar éis a clocha buínn a dh'ithe.

12 **Lamed.** Ríthe an domhain, agus daoine uile an domhain,

ní chreidfidís é,

go raghadh namhaid agus eascara

geataí Iérúsalem isteach.

13 **Mem.** Trí pheacaíbh a fáidhí;

trí dhrochghníomharthaibh a sagart;

na daoine a dhoirt fuil a fíoraon

istigh 'na lár.

14 **Nun.** Iad ag fánaíocht mar ' bheadh daoine dalla in sna sráidibh

agus iad dá dtruailiú leis an bhfuil,

agus nuair ná bíodh leigheas acu air

iad ag trusáilt íochtar a n-éadaí.

15 **Samech.** "Imídh, sibhse atá truailithe", do screadadar orthu. "Imídh! Fágaidh an áit seo!  
Ná teangmhálaigh!"

Óir dheineadar aighneas, agus do díbreadh iad

agus dúradar i measc na ngeinte:

Ní dhéanfaidh sé cónaí 'na measc a thuilleadh.

16 **Phe.** Tá aghaidh an Tiarna tar éis iad do dheighilt.

Ní fhéacfaidh sé orthu a thuilleadh.

Ní raibh meas acu ar phearsain sagairt,

ná trua acu do sheanóir.

17 **Ain.** An fhaid a bhíomair fós 'nár seasamh do chuaigh dár súilibh,

ag tnúth le cabhair, in aistear.

Agus sinn ag féachaint go géar

chun náisiúin nár fhéad (sinn) a shábháil.

18 **Sade.** Do shleamhnaigh ár gcosa i slí ár sráideanna.

Tá ár gcríoch ag dridim linn.

Do cómhlonadh ár laethanta.

Óir tá ár gcríoch tagaithe.

19 **Coph.** Ba luaithe lucht ár dtóiríochta

ná na fiolair sa spéir.

Do leanadar sinn ar na cnucaibh.

Do luíodar i gceilg rómhainn sa bhfiantas.

20 **Res.** Críost<sup>1</sup> ár dTiarna, anál ár mbéil,

do tógadh uainn é 'nár bpeacaíbh.

An té lena ndeirimís:

Féd scáil a mhairfimid in sna geintibh.

1 Caib. 4. véar. 20. "Críost". Labharthar an chainnt sin, de réir na leitire, ar an rí a bhí acu. Tugtar "Críost" air toisc gurbh Úngtha leis an dTiarna é. Ach sa chéill sprideálta labharthar an chainnt ar Chríost ár dTiarna agus é ag fulag mar gheall ar ár bpeacaíbhne.

## Ieremias ag Caoineadh

21 **Sin.** Glac gáirdeachas agus áthas, a iníon Edoim,  
atá id chónaí i dtír Huis:  
tiocfaid an chailís chútsa, leis. Meisceófar thu.  
Agus nochtfar thu.

22 **Tau.** Tá do mhallaitheacht cómhlionta, a iníon Shíoin.  
Ní bhéarfaidh sé i mbraighdineas a thuilleadh thu.  
Tá a chuaird tabhartha aige ar do mhallaitheachta, a iníon Edoim.  
Táid do pheacaí nochtaithe aige.

### Caib. a Cúig

*Guí Ieremiais fáidh.*

1 Cuímhgh, a Thiarna, ar a bhfuil tagaithe orainn.  
Breithnigh agus féach ar ár masla.  
2 Tá ár n-oidhreacht iompaithe chun eachtrannach,  
ár dtithe chun daoine iasachta.  
3 Táimid 'nár ndílleachtaíbh gan athair.  
Táid ár máithreacha mar ' bheadh bainntreacha.  
4 Is ar airgead a dh'ólaim ar n-uisce.  
Do cheannaíomair ar n-adhmad.  
5 Bhíomair dár dtarrac ar ár muineálaibh,  
bhí tuirse orainn agus níor tugadh aon tsuaimhneas dúinn.  
6 Thugamair ár lámh don Éigipt agus do sna Assúiríánachaibh  
i dtreó go dtabharfí ár sáith aráin dúinn.  
7 Do pheacaigh ár n-aithreacha, agus nílid siad ann,  
agus tá a n-iomarbhas san fuilicthe againne.  
8 Tá seirbhísigh tar éis bheith 'na rialtóiribh os ár gcionn.  
Ní raibh éinne chun sinn a dh'fhuascailt as a lámh.  
9 I gcúntúirt ár n-anam a gheibhimís ár mbia,  
mar gheall ar an gclaíomh san uaigneas.  
10 Bhíodh ár gcroiceann dóite mar ' bheadh sé i mbácús,  
mar gheall ar anaithe an ghorta.  
11 Dheineadar éigean ar na mnáibh i Síon,  
agus ar na maighdinibh i gcathrachaibh Iúda.  
12 Do crochtí na príúnsí **as** a lámh,  
níor tugadh urrainn do phearsain na seanóirí.  
13 Do thugadar drochúsáid náireach do' sna hógáibh,  
agus do thit na leanáí fén adhmad.  
14 Do stad na seanóirí ó sna geataibh,  
agus na fir óga ó chóraibh na gcantairí.  
15 Tá áthas ár gcróí tar éis stad.  
Tá ár rínnce iompaithe chun dobróin.  
16 Tá an choróinn tar éis titim dár gceann.  
Is dúinn is mairg, óir do pheacaíomair.  
17 Uime sin atá ár gcroí go brónach.  
Uime sin atáid ár súile lagaithe,  
18 mar gheall ar chnuc Síoin.  
Óir tá siúlta ag sionnaigh air (óir táid sionnaigh tar éis siúl' air).  
19 Ach beirse ann go deó, a Thiarna,  
do chathaoir ó shliocht go sliocht.

## Jeremias ag Caoineadh

20 Cad chuige go ndearúdfair sinn ar fad? (Cad chuige dhuit sinn a dhearúd ar fad?)

Go dtréigfir ar feadh mórán aimsire?

21 Iompaigh chút sinn, a Thiarna, agus casfar sinn.

Athnuaigh ár laethe, mar bhí ó thosach.

22 Ach táimid caite uait ar fad agat.

Tá árdfhearg ort chúinn.

### Nótaí

1 *Ríogan an gcúigí*: the Latin Vulgate here has *princeps provinciarum*, and the Douay Bible “the princes of provinces”. Having stated that Jerusalem was *'na bainntrigh* and *'na bannrín*, PUL prefers to continue with the feminine reference with *ríogan* here.

2 *Agus curtha ar mo mhuineál*: the phrase “my strength is weakened” should be given in translation here, but is omitted in the manuscript.

4 *Na príúnsaí*: this was subsequently adjusted to *a príúnsaí*, although it is unclear by whom. The Douay Bible here has “the princes thereof”.

9 *Ní aithnítear*: h-prefixation of the autonomous is not given here.

11 *Thugadar drochúsáid náireach do sna hógaibh*: the manuscript has *do* altered to *de*, apparently in PUL’s own hand. However, PUL may have been thinking of *dheineadar drochúsáid de*, without noticing that the construction here is with *thugadar*. In any case, the pronunciation is identical, with a broad d, in WM Irish.

11 *Tar éis siúl*: the manuscript here is a little unclear whether *siúl* or *siúil* is intended. PUL may have vacillated between the two, but opted for *siúl*, as it is not necessary to use the genitive of the verbal noun in such constructions.